# Féile Peile Ghael Linn

Eochairfhocail: tráth na gceist, féile, Conamara, gaelscoileanna

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Ainmnigh an dá imeacht a bhí ar siúl do na daltaí aréir?
2. Cén fáth a dtaitníonn an fhéile seo le Ríona?
3. Cad é an rud is fearr le Lúc faoin bhféile peile?
4. Cad as d'Aedín?
5. Cén cur síos a dhéanann Sinéad Ní Mhaidín ar an aimsir?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat na habairtí seo a cheartú agus an focal ceart a roghnú?**

- Is as Gaillimh agus Maigh Eo do na (dalta/daltaí/ndaltaí) atá ag glacadh páirte i bhféile peile de chuid Ghael Linn i mbliana.
- Tá an fhéile ar (siúl/shiúl/súil) i gConamara.
- Ghlac os cionn 150 páiste (port/páirte/páirt) san fhéile i mbliana.
- (D'eagraigh/D'eagraíodh/Eagraíodh) imeachtaí cosúil le cluichí, tráth na gceist agus céilí mar chuid den fhéile.
- Bhain na daltaí ar fad (sártaitneamh/sárthaitneamh/sárthaitnimh) as an lá.

# Na Freagraí

1. Tráth na gCeist agus Céilí
2. Ceapann sí go bhfuil sé go deas bualadh le scoláirí difriúla ó ghaelscoileanna agus ó scoileanna Gaeltachta éagsúla
3. Ag imirt leis na cailíní agus ag bualadh le scoláirí eile ó chontaetha agus ó áiteanna eile
4. Conamara
5. Tá an aimsir go hálainn

1. Daltaí
2. Siúl
3. Páirt
4. Eagraíodh
5. Sárthaitneamh

